A Mheic Dhubhghaill, tuar acáin

[Watson, W. J. *Scottish Verse from the Book of the Dean of Lismore* (Scottish Gaelic Texts Society, Volume 1, Edinburgh 1937), poem 23].

A ughdar so Donnchadh Mac Caibe

1 A Mheic Dhubhghaill, tuar acáin
do luathlaoch an lánmhacán:
atá mo dhearbhacáin fíor
um an ghealmhacán mhóirbhríogh.

2 Is fearr thig dod cheann-sa caomh
bheith ris ná dhomhsa, a mhacaomh;
Donnchadh Carrach ’gá ghairm dhe:
is ainm dhó an Barrach Buidhe.

3 A Dhonnchaidh na gcor ngaisge,
cuimhnigh ainm do chéadbhaiste;
a mheic Ailéin, ná toill féin
taibhéim nachar thoill Ailéin.

4 Ó tá sibh anois [.....]
ná [.....];
gabh i gcéadóir gus na Rois,
ó’s tú éadóil gach amhais.

5 Deimhin gurab tú a rís
fear gabhála na ngairbhchíos;
mar tharbh troda agus tachar,
’s dearbh do thogra angadhach.

6 Is tú taistealach Cruachán
i seilg sliabh *is* fionnbhruachán;
do chlú, a onchoin, ’gá h-innse,
is tú Donnchadh Diuirinnse.

7 Is tú chosgas do námha,
’s tú dheargas do ghalámha;
is tú fhóireas ó’r sgís sinn;
is tú rís fhoghnas againn.

8 Is é fear [.....]
do-rinn do [.....]
[.....] mar soin
don dreagan chaomh ón Chonghail.

9 Atáid aige do mheabhair
ceaird oile nach cualabhair;
gaisgeadh is eineach Éireann

’gá nasgadh ’na luaithbhéimean.

10 Ó’chím go bhfuil it aire
cíos lat as gach aonbhaile,
rogha oireacht go ngnaoi ghlain,
ag toidheacht um chraoibh chosgair.

11 Gach intleacht dhligheas mac ríogh,
atáid aige gan éinshníomh;
a ghlóir ghealghlan ris ’gá reic
leoir do gharadh an deighmheic. A mheic